Mo-chean théid i dteaghdhais Phádraig

[Shane Leslie, *Saint Patrick's Purgatory* (1932), 174-5; edited from NLS Adv. MS lxiv]

Aonghus Mac Aodha Ruaidh Í Uiginn .cct.

1 Mo chean théid i dteaghdhais Phádraig
port do aithigh éarlamh Dé
mo chean fear dá bhfuighe a fhéasgain
teagh luighe as arbh éasgaidh é.

2 Ní heagal libh i ló an mheasa
's mac Carplainn ag ceilt do locht
gidh mór trá don uile ar fhéaghadh
a-tá a dhuine at éanar ort.

3 D'éis ar ndul fa ríoghfuil ríogh
ní díoth dhúinn méad ar míghníomh
is gur réidhigh bior an bhuinn
gach cion dar éirigh eadruinn.

4 Ar gach guasacht is guais linn
sirim ort a ua Iaichim
mo shaoradh ót fheirg 'n-a ham
's ar faobhar deilg na ndearnann.

5 Lá coimhthionóil oighre an Athar
oircheas uamhan re chrú ndeirg
tú a Phádraig nachar fheall oirne
geall fhágmuid re doilghe an deilg.

6 Gabhaim comairce Phádraig
naomh nar sáruigh a chaingean
do bhreith m'anma gan míothaom
i measg fhíornaomh is aingeal.

7 Colum caoimhsgéalach Cille
Bréanainn is Brighid Banbha
déanadh re Chríost mo shíothcháin
mar aon 's an príomhfáidh amhra.

8 Guidhim Mo Laise is M'Aodhóg
agus an naomhógh umhal
Caitir-iona is í ghuidhim
i ló an fhuighill dom fhurtacht.

9 A Chaillín a chrú croidhe
le cách uile is it éanar
foillsigh oram do mhíorbhal
ná gabh ó Iosa t-éara.

10 I n-iomdhaidh Phádraig fheartaigh
cá bhfuil leabaidh as cruaidhe
ná leig orm a Mhic Mhuire
pian as uille ná an [uaire].

11 Tighearnach an naomh uasal
Ciarán Cluana agus Sineall
mar aon is naoimh an bheatha
ná-m-leigid seacha i n-ifreann.

12 Comhglan is an naomh iodhan
gá mbaoi an t-ionadh i dtámuid
ag triall dúinn as a leabaidh
go mbeam tre fheartaibh Pádraig.

13 Lúicifear Sátan saobhluath
’s an daorshluagh fhuil ’n-a dtiomchal
a Mhuire féagh dom lochtaibh
[is] mé ar na holcaibh iomghabh.